2025/693

12.5.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/693 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Feabhra 2025

maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scála do mhisin ag oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 112(2) de na Rialacháin Foirne agus Airteagail 13 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leo,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Rialacháin Foirne,

Tar éis dul i gcomhairle leis na hionadaithe foirne ó institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, chuir Eurostat tuarascáil isteach maidir le héabhlóid praghsanna óstán, bialann agus seirbhísí lónadóireachta.

(2) Léirítear sa tuarascáil sin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na liúntais chothaithe laethúla agus ar na huasteorainneacha óstán chun éabhlóid praghsanna óstán, bialann agus seirbhísí lónadóireachta a chur san áireamh.

(3) Tá measúnú ar staideanna casta eacnamaíocha agus/nó sóisialta i gceist le hathbhreithniú ar rátaí an liúntais cothaithe laethúil agus na n-uasteorainneacha óstán.

(4) San athchóiriú deireanach a rinneadh ar Rialacháin Foirne oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ar Choinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, leagadh béim ar an ngá atá le hiarracht ar leith ó gach uile riarachán poiblí agus ó gach uile chomhalta dá fhoireann chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun dul in oiriúint don chomhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta atá ag athrú san Eoraip.

(5) Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, aisíocaíocht le hoifigigh agus seirbhísigh eile ar chaiteachas arna thabhú ar mhisean sa Bhallstát sin, níor cheart í a bheith faoi réir na rialacha a leagtar amach in Airteagal 13(2), pointe (a), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a thuilleadh.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 13(2), pointe (a), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne a leasú dá réir sin,

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 13(2), pointe (a), d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'(in EUR)

Ceann scríbe	Uasteorainn óstán	Liúntas laethúil
an Bheilg	171	132
an Bhulgáir	121	78
an tSeicia	149	98
an Danmhairg	208	172
an Ghearmáin	154	123
an Eastóin	118	125
Éire	191	144
an Ghréig	134	108
an Spáinn	154	101
an Fhrainc	212	127
an Chróit	132	99
an Iodáil	178	116
an Chipir	145	103
an Laitvia	128	110
an Liotuáin	114	103
Lucsamburg	178	142
an Ungáir	135	93
Málta	166	109
an Ísiltír	190	137
an Ostair	158	131
an Pholainn	126	95
an Phortaingéil	121	95
an Rómáin	109	88
an tSlóivéin	140	108
an tSlóvaic	120	104
an Fhionlainn	170	155
an tSualainn	198	135'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN